**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2024/2030(DEC)**

25.10.2024

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na ngníomhaireachtaí díláraithe don bhliain airgeadais 2023: (2024/2030(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Romana Tomc

## TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ar ghníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2023;

– ag féachaint don Mheastóireacht ón gCoimisiún Eorpach ar ghníomhaireachtaí AE faoi shainchúram na hArd-Stiúrthóireachta um Fhostaíocht – Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA,

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2023 ar Ghníomhaíochtaí Eurofound;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2023 ar Ghníomhaíochtaí Cedefop;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2023 ar Ghníomhaíochtaí ETF;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2023 ar Ghníomhaíochtaí EU-OSHA;

– ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite na Bliana 2023 ar Ghníomhaíochtaí ELA;

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún: Meastóireacht ar Ghníomhaireachtaí an Aontais: Eurofound, Cedefop, ETF agus EU-OSHA,

### Tráchtanna ginearálta

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), na Fondúireachta Eorpaí Oiliúna (ETF), agus an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA) don bhliain airgeadais 2023 dlíthiúil agus rialta ar an iomlán, agus go bhfuil léiriú cothrom iontu ar a staid airgeadais an 31 Nollaig 2023;

2. á chur in iúl gur geal léi comhar agus comhroinnt leanúnach agus mhéadaitheach acmhainní na gcúig ghníomhaireacht eatarthu agus le hinstitiúidí eile, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, an Coimisiún agus an Pharlaimint;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear úsáid níos fearr as saineolas na nGníomhaireachtaí i réimsí beartais ábhartha maidir le, rud ar féidir lamháil d’úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní buiséid an Aontais i gcomparáid le réitigh mhalartacha;

4. á aithint go ndéanann an ráta ard boilscithe in 2023, agus an méadú gaolmhar ar chostais agus fóntais éagsúla, difear suntasach do bhuiséad na ngníomhaireachtaí atá tiomnaithe do chaiteachas oibríochtúil, go háirithe do ghníomhaireachtaí atá lonnaithe i mBallstáit ina bhfuil na rátaí boilscithe is airde;

**An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)**

5. á chur in iúl gur mór aici obair an Fhorais maidir le heolas a fheabhsú agus a scaipeadh, agus saineolas fianaise-bhunaithe a sholáthar chun tacú le beartais shóisialta, fostaíochta agus oibre níos eolaí a fhorbairt san Eoraip, chun anailís a dhéanamh ar roghanna beartais chun dálaí oibre, caidreamh tionsclaíoch, fostaíocht agus maireachtáil a fheabhsú, agus chun saineolas a fhorbairt maidir leis an gceart chun dícheangail, teilea-obair, obair hibrideach agus tionchair ghaolmhara ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar cháilíocht dálaí oibre;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais na Fondúireachta agus á iarraidh ar an bhFondúireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE;

7. ag cur sonrú sa ráta tabhairt anonn 16,8 %, os cionn an tagarmhairc 15 %, agus i bhfreagra na Fondúireachta ina ndéantar idirdhealú idir tabhairt anonn bheartaithe agus tabhairt anonn neamhphleanáilte, agus an measúnú is déanaí á dhéanamh ag an bhFondúireacht ag 4 %;

8. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún tuilleadh feabhais a chur ar oiliúint foirne trí threoirlínte foirmiúla agus trí chur chuige níos córasaí;

**An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)**

9. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta chun faisnéis, anailís agus uirlisí iontaofa agus ábhartha a fhorbairt, a bhailiú agus a sholáthar maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus AE i réimse na sábháilteachta agus na sláinte ceirde;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais na Gníomhaireachta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE;

11. á chur in iúl gur geal léi gníomhaíocht phras agus rathúil na Gníomhaireachta i nós imeachta soláthair chun leas bhuiséad AE a chosaint agus ag tabhairt dá haire gue eisigh CIE tuairim ghaolmhar maidir leis an nós imeachta malartach a glacadh i bhfíorphráinn;

12. ag cur sonrú sa 29 % den ráta tabhartha anonn, ar bhealach os cionn an tagarmhairc 15 %, agus sa fhreagra ón nGníomhaireacht lena nasctar cuid den tabhairt anonn le gealltanais atá beartaithe i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair na Gníomhaireachta;

13. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, na gníomhaíochtaí costchiorraithe a rinne an Ghníomhaireacht chun acmhainní a leithdháileadh ar phríomhchúraimí na Gníomhaireachta;

14. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún a chomhar leis na gníomhaireachtaí eile a

bhaineann le sainchúram choiste EMPL a neartú;

**An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)**

15. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí Cedefop chun taighde, anailísí agus comhairle theicniúil agus saineolas a sholáthar sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET), i mbeartais maidir le cáilíochtaí agus scileanna, chun taighde ar neamhréir scileanna a thiomsú agus a scaipeadh, agus chun a áirithiú go ndéanfar scileanna digiteacha a chomhtháthú sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint ar fud an Aontais, chomh maith le rannpháirtíocht Cedefop i mBliain Eorpach na Scileanna 2023;

16. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais na Gníomhaireachta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE;

17. ag tabhairt dá haire go ndearna Cedefop gníomhaíocht cheartaitheach maidir leis na liúntais chothaithe laethúla a íoctar le saineolaithe náisiúnta Gréagacha ar iasacht;

18. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe oibre Bhord Bainistíochta Cedefop chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú;

**An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)**

19. á chur in iúl gur mór aici gníomhaíochtaí ETF maidir le cuidiú leis an Aontas, leis na Ballstáit agus lena thíortha comhpháirtíochta leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna agus feabhas a chur ar na hionchais fostaíochta trí athchóiriú a dhéanamh ar an oideachas, ar an ngairmoiliúint, ar scileanna agus ar chórais an mhargaidh saothair, chomh maith le ról ETF i mBliain Eorpach na Scileanna 2023;

20. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach CIE maidir le cuntais na Gníomhaireachta agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar bharúlacha CIE, go háirithe maidir leis an nós imeachta soláthair oscailte;

21. ag tabhairt dá haire gur dheimhnigh ETF go ndearna sé athbhreithniú ar a mhodheolaíochtaí maidir le sócmhainneacht airgeadais sa phróiseas meastóireachta tairisceana agus maidir le measúnú airgeadais;

22. ag tabhairt dá haire gur mhol an Coimisiún feabhas a chur ar an gcothromaíocht gheografach agus inscne i measc a fhoirne, agus tuilleadh comhair a dhéanamh le ELA agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne;

**An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA)**

23. á chur in iúl gur mór aici obair an Údaráis chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún forfheidhmiú cothrom agus éifeachtach rialacha an Aontais maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus slándáil shóisialta a áirithiú, agus maidir le soghluaisteacht éifeachtach an lucht saothair san Eoraip a éascú trí ghníomhaíochtaí na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES), agus chun feasacht a mhúscailt, trí fheachtais oiliúna agus faisnéise, faoi chearta agus oibleagáidí oibrithe agus fostóirí;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di tuairim dhearfach fhoriomlán CIE maidir le cuntais an Údaráis; ag tabhairt dá haire, áfach, gur eisigh CIE barúlacha ar bhonn tuairim cháilithe maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais;

25. á thabhairt dá haire, ina leith sin, tuairim CIE maidir le dámhachtain neamhrialta conartha agus freagra an Údaráis nach ndearnadh an conradh lena mbaineann a athnuachan agus a reáchtáil go dtí an deireadh chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí an Údaráis a sheachaint;

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil tuairim ag CIE maidir le heasnaimh i seiceálacha *ex ante* ELA agus maidir le 3,8 % den chaiteachas neamhrialta a bheith os cionn na tairsí ábharthachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tÚdarás tiomanta dá sheiceálacha *ex ante* a fheabhsú tríd an bpróiseas chun measúnú a dhéanamh ar phríomhpharaiméadair a athbhreithniú agus a chur ar bhonn foirmiúil;

27. ag tabhairt dá haire gur ann do 26 % den ráta tabhairt anonn, ar bhealach os cionn an tagarmhairc 15 %, agus do 19 % de leithreasuithe Theideal II a cuireadh ar ceal, agus ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht gealltanas iarrachtaí a dhéanamh feabhas a chur ar chur chun feidhme an bhuiséid;

28. ag dréim go gcomhlíonfaidh an tÚdarás a ghealltanais agus go dtabharfaidh sé aghaidh ar bharúlacha uile CIE gan mhoill;

**Conclúid**

29. á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí uile na Cúirte atá fós gan réiteach a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

30. á mholadh, bunaithe ar na fíricí atá ar fáil, go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Eurofound, EU-OSHA, Cedefop, ETF, agus ELA i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na nÚdarás don bhliain airgeadais 2023.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuairime:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair |
| An Fhondúireacht Eorpach Oiliúna |
| An tÚdarás Eorpach Saothair |
| An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna |
| An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.